
# Árais Máithreacha agus Naíonán

## Stair na Sraithe Sóisearaí
Aonad 4

SLEAMHNÁN 1




**Tabhair faoi deara: Tá ábhar san aonad seo a bhaineann le básanna naíonán/páistí agus d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm go pearsanta ar roinnt scoláirí agus a bheith dúshlánach do mhothúcháin roinnt eile acu. Téigh tríd an ábhar roimh ré, le do thoil, agus bain leas as do bhreithiúnas proifisiúnta chun a shocrú cé na gníomhaíochtaí atá oiriúnach, ag cur riachtanais na scoláirí, an scoil, agus an comhthéacs áitiúil san áireamh.**

NCCA

# Aonad 4: Imlíne

| Sleamhnán | Uimhir na Gníomhaíochta | Ainm na Gníomhaíochta | Cur síos |
|---|---|---|---|
| 3 | 1 | Bunfhoinsí | Sainchomharthaí de bhunfhoinsí (ionchur an mhúinteora, plé uile ranga) |
| 4 | 2 | Post an staraí | An chaoi a n-úsáideann an staraí Catherine Corless bunfhoinsí (obair indibhidiúil, ionchur an mhúinteora) **NB:** Rochtain ar an Idirlíon ag teastáil anseo |
| 5 | 3 | Marian Bridget Mulryan | Scrúdú doiciméid de pháiste a fuair bás in áras Thuama (obair bheirte, obair i ngrúpaí beaga, ionchur an mhúinteora) **NB:** Rochtain ar an Idirlíon ag teastáil anseo |
| 7 | 4 | Foinsí tánaisteacha | Sainchomharthaí d'fhoinsí tánaisteacha, ach úsáid a bhaint as obair Catherine Corless mar eiseamláir (obair bheirte) |
| 8 | 5 | Roghanna | Roghanna don láthair adhlactha i dTuaim (ionchur an mhúinteora, obair i ngrúpaí beaga) |
| 9 | 6 | Ráiteas | Leithscéal Bon Secours agus an rialtais (obair i ngrúpaí beaga, ionchur an mhúinteora) |
| 10 | 7 | Spás Cróga níos Leithne | Comhaontú Spáis Chróga chun aghaidh a thabhairt ar an oidhreacht a bhaineann le hollstruchtúr an choimeádta (plé uile ranga) |
| 11 | 8 | Déileáil agus athléimneacht | Scrúdú doiciméid lena thaispeáint an chaoi a bhfulaingíonn marthanóir amháin na cuimhní (obair bheirte, obair i ngrúpaí beaga) |
| 13 | 9 | Amlíne na foghlama | Machnamh (ionchur an mhúinteora, obair indibhidiúil) |

# Nótaí an Mhúinteora

I ngníomhaíochtaí Aonad 4, glacann an scoláire páirt i bhfoghlaim atá nasctha leis na torthaí foghlama a liostaítear thíos:

## Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

**Toradh Foghlama 1.1:** ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair

**Toradh Foghlama 1.2:** machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha

**Toradh Foghlama 1.3:** suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla

**Toradh Foghlama 1.5:** fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn

**Toradh Foghlama 1.6:** tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil

**Toradh Foghlama 1.7:** breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil

**Toradh Foghlama 1.8:** tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

**Toradh Foghlama 2.9:** an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú

NCCA

## Gníomhaíocht 1: Bunfhoinsí

- is é an finné a chruthaíonn iad, finné a théann i ngleic leis an imeacht nó leis an bpróiseas, agus is minic a dhéantar machnamh ar thuairim indibhidiúil an rannpháirtí nó ar thuairim an fhinné ábhartha
- an buneolas is riachtanaí ar an imeacht/ar an bpróiseas atá faoi scrúdú, tá na bunábhair a n-oibríonn staraithe leo chomh riachtanach céanna nuair a bhíonn siad ag iarraidh tuiscint a fháil ar dhaoine,, ar imeachtaí agus/nó ar phróisis agus le linn dóibh a bheith ag baint tátail faoin am a caitheadh
- is iad an bunábhar ar a bhfuil na foinsí tánaisteacha bunaithe
- d'fhéadfaidís a bheith san fhormáid bhunúil (m.sh. litreacha lámhscríofa), i bhfoirm mhicreascannáin, dhigiteach/leictreonach nó i bhfoirm fhoilsithe [priontáilte]
- is féidir iad a fháil i dtrí chineál foinse: taifeadtaí oifigiúla; foinsí foilsithe; foinsí príobháideacha

# Nótaí an Mhúinteora

Iarr ar scoláirí atá toilteanach na pointí urchair ar na sleamhnáin a léamh amach.

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, ag baint úsáid as an gceist spreagtha seo a leanas:

*Is gnách go meastar gur iad na bunfhoinsí is úsáidí na cinn a cruthaíodh is gaire don imeacht/phróiseas stairiúil sonrach.*

*Cén fáth sin, dar libh?*

## Foinse

**SGFM. 2013.** [Approaches to teaching History in Transition Year]

NCCA

## Gníomhaíocht 2: Post an staraí



Seinn ón tús go dtí 12.00 nóiméad

Mar a sheinntear an físeán, coinnigh do chluasa bioraithe le haghaidh na bhfreagraí ar na ceisteanna seo:

- Cé na daoine agus na heagraíochtaí a ndearna Catherine Corless teagmháil leo nuair a bhí sí ag cuardach fianaise ar bhásanna adhlacthaí na bpáistí in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama?
- Céard iad na bunfhoinsí a fuair sí?
- Cén t-eolas a bhí ar fáil sna bunfhoinsí seo?
- Céard iad na tátail a bhain sí?
- Céard a rinne Catherine Corless lena chinntiú go raibh a cuid tátal chomh hiontaofa agus ab fhéidir?

Téigí i mbeirteanna agus cuirigí bhur bhfreagraí i gcomparáid lena chéile.

Déan nóta d'aon eolas breise atá ag do chomhpháirtí.

# Nótaí an Mhúinteora (teastaíonn an t-idirlíon don ghníomhaíocht seo)

Léigh trí na ceisteanna ar an sleamhnán, agus déan cinnte de go dtuigeann scoláirí an méid is gá dóibh a dhéanamh.

Seinn an físeán den agallamh le Catherine Corless ón tús go dtí 12.00 nóiméad: **Tuam and Ireland's shame: unedited interview with Catherine Corless**

Más gá, seinn cuid den fhíseán, nó an físeán go léir, arís.

Tabhair dóthain ama do na scoláirí chun a gcuid freagraí ar na ceisteanna ar an sleamhnán a scríobh. Iarr ar scoláirí dul ina mbeirteanna agus comparáid a dhéanamh idir a bhfreagraí.

Glac le haiseolas ón rang:

- *Cé na daoine agus na heagraíochtaí a ndearna Catherine Corless teagmháil leo nuair a bhí sí ag cuardach fianaise ar bhásanna agus adhlacthaí na bpáistí in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama?*
  [Freagraí féideartha: Daoine áitiúla i dTuaim, an t-ord rialta Bon Secours, FSS an Iarthair (Bord Sláinte an Iarthair roimhe seo), Rannóg Breitheanna, Básanna agus Póstaí d'Oifig Chlárlainne na Gaillimhe]
- *Céard iad na bunfhoinsí a d'aimsigh sí?*
  [Freagraí féideartha: cuntais phearsanta uathu siúd a chonaic coirp na bpáistí i suíomh ar thailte an iar-árais Máithreacha agus Naíonán; léarscáileanna áitiúla, teastais bháis le haghaidh 796 páiste ó áras Thuama]
- *Cén fhaisnéis a bhí ar fáil sna bunfhoinsí sin?*
  [Freagraí féideartha: cuntais phearsanta – suíomh féideartha de choirp na bpáistí ar iarraidh; léarscáileanna – suíomh daibhche séarachais a bhí imithe as feidhm; teastais bháis le haghaidh 796 páiste – ainm, aois, dáta báis, agus cúis an bháis i roinnt cásanna]
- *Cad iad na tátail a bhain sí as a cuid taighde?*
  [Freagraí féideartha: cuireadh roinnt den 796 páiste nó iad uile i ndabhach shéarachais a bhí imithe as feidhm ar thailte an iar-árais Máithreacha agus Naíonán i dTuaim]
- *Cad a rinne Catherine Corless lena chinntiú go raibh a cuid tátal chomh hiontaofa agus ab fhéidir?*
  [Freagraí féideartha: Rinne Catherine Corless cros-seiceáil ar na taifid adhlactha i gcontaetha na Gaillimhe agus Mhaigh Eo lena chinntiú nár chuir muintir na bpáistí iad in aon áit eile]

Roinn an fhaisnéis seo a leanas leis na scoláirí:

*Ar feadh roinnt blianta, rinne Corless cuardach agus anailís ar thaifid a bhain leis an áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim. Léirigh a cuid taighde go bhfuair 796 páiste, naíonáin den chuid is mó, bás ann idir 1925 agus 1961. Rinneadh ainm, sloinne, áit bhreithe, dáta báis agus uaireanta cúis bháis na bpáistí a thaifeadadh. Ba é an chúis bháis ba choitianta ina measc (152 naíonán/páiste) ná 'laige/traochadh/seargadh'. Ciallaíonn seargadh 'gannchothú is cúis le meáchan páiste a bheith go mór faoi bhun an mheáin dá aois', is é sin go bhfuair siad bás leis an ocras. Fuair páistí bás freisin de dheasca na heitinne, trithí, na bruitíní, an treacha, an fhliú, an bhroincítis agus an mheiningítis, i measc aicídí eile.*

*Díreach os cionn 22 naíonán/páiste sa bhliain ab ea meánlíon na mbásanna sa tréimhse 36 bliain. Is léiriú lom iad na figiúirí sin ar thréimhse in Éirinn nuair a bhí básmhaireacht naíonán i bhfad níos airde ná mar atá sí sa an lá atá inniu ann, go háirithe sna hinstitiúidí, áit ar scaip ionfhabhtuithe go tapa. Mar sin féin, is tábhachtach a thabhairt faoi deara fiú agus an méid sin á chur san áireamh, bhí rátaí báis an-ard in áras Thuama, agus bhí na rátaí báis níos airde, trí chéile, i gcás páistí nach raibh a dtuismitheoirí pósta ná dóibh siúd a raibh nó a mbíodh a dtuismitheoirí pósta.*

*Níor aimsigh Catherine Corless aon taifead adhlactha le haghaidh an 796 naíonán/páiste a bhí ar iarraidh ón áras i dTuaim. Níor cuireadh iad in aon cheann de na reiligí poiblí áitiúla agus níl siad curtha lena dteaghlaigh – mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise gur baisteadh na páistí sin. Ba é an tátal a bhain Corless as ná go raibh roinnt/gach duine den 796 páiste ar iarraidh curtha i ndabhach shéarachais as feidhm (coimeádán faoi thalamh – cuid de chóras cóireála séaraigh) ag cúl an iar-árais.*

Ag brath ar do rang, ag an tráth seo b'fhéidir gur mhian leat am a chur ar leataobh chun ligean do na scoláirí labhairt os íseal ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga.

## Foinsí



Barry, D. 'The Lost Children of Tuam' *New York Times*, 28 Deireadh Fómhair


2017. Corless, C. 2021. *Belonging*, Hatchette Ireland.

Smith, James M. Knowing and Unknowing Tuam: State Practice, the Archive, and Transitional Justice. Éire-Ireland 55, uimh. 1 (2020): 142–180.

NCCA

## Gníomhaíocht 3: Marian Bridget Mulryan




Doiciméad 2 - Teastas Breithe do Marian Bridget Mulryan, "Ollscoil na Gaillimhe", Aitheantas na sócmhainne: 13674, Aitheantas Taifeadta Cartlainne TOHP, https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13674

## Nótaí an Mhúinteora (teastaíonn an t-idirlíon don ghníomhaíocht seo)

Ag brath ar infhaighteacht gléasanna, roinn an rang ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga.

Iarr ar na scoláirí Tionscadal Stair Béil Thuama – Scéalta Marthanóirí a chuardach: Tuam Oral History Project – Survivors' Stories – Peter Mulryan: Digital Archive

*I mbeirteanna/sa ghrúpa, aimsígí teastas breithe Marian Bridget Mulryan. [Cáipéis 2: Teastas breithe Marian Bridget Mulryan]*

*Breacaigí síos an fhaisnéis seo a leanas:*

- *Dáta breithe [Freagra: 28 Aibreán 1954]*
- *Ionad breithe [Freagra: Ospidéal Bon Secours]*
- *Ainm, sloinne agus ionad cónaithe an athar [Freagra: tá an spás don fhaisnéis sin fágtha bán]*
- *Ainm agus sloinne na máthar [Freagra: Delia Mulryan]*

*Fuair Marian Mulryan bás an 12 Feabhra 1955.*

*I mbeirteanna/sa ghrúpa, aimsígí teastas báis Marian Bridget Mulryan. [Cáipéis 3 – Teastas Báis Marian Bridget Mulryan]*

*Breacaigí síos an fhaisnéis seo a leanas:*

- *Stáid [Freagra: spinster – focal a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar bhean shingil nó neamhphósta)*
- *Aois [Freagra: 10 mí]*
- *Céim, gairm, slí bheatha [Freagra: Iníon le searbhónta tí]*
- *Cúis dheimhnithe an bháis [Freagra: Taom trithí]*
- *Fad tinnis [Freagra: 1.5 uair an chloig]*

Roinn an fhaisnéis seo a leanas leis na scoláirí:

*De réir na fianaise dá bhfuil fáil air, bhí Marian Bridget Mulryan ar dhuine de 43 naíonán/páiste a fuair bás ó thaom trithí fiabhrasacha/thitimeas san áras i dTuaim.*

*Ní fios láthair adhlactha Marian Bridget Mulryan.*

*Ní hé áras Thuama an t-aon áras Máithreacha agus Naíonán ina bhfuil faisnéis in easnamh maidir le bás nó adhlacadh naíonán/páistí. In Áras Máithreacha agus Naíonán Bessborough i gContae Chorcaí, fuair 923 naíonán/páiste bás idir 1922–1998. Ní fios láthair a n-adhlactha ach i gcás 64 de na páistí úd. Ní dhearna Cuallacht Chroíthe Naofa Íosa agus Mhuire, ar léi an t-áras sin agus dhá áras eile, agus a bhainistigh iad (Baile na gCros agus Sean Ros) adhlacthaí páistí a thaifeadadh. Léarscáil de shuíomh 3.7 acra ag Bessborough ó na 1940idí ar a n-áirítear tagairt do "children's burial ground" (lisín). Le déanaí, dhiúltaigh an Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt chun árasáin a thógáil ar láithreán Bessborough, toisc go raibh ábhair imní réasúnta ann go bhfuil lisín ar an láithreán, mar gheall ar iarúsáid na dtailte mar áras máithreacha agus naíonán.*

*I gcás roinnt mhaith teaghlach, de bharr go bhfuil teastais bháis agus taifeadtaí adhlactha in easnamh, agus go bhfuil faisnéis easnamhach nó 'dhofhaighte' faoi uchtuithe laistigh d'Éirinn agus idir Éire agus tíortha eile, agus gur fios anois go ndearnadh aitheantais agus taifid oifigiúla a bhrionnú chun uchtuithe mídhleathacha a éascú, ní eol dóibh an bhfuil a bpáiste/siblín/gcol ceathair beo ná marbh.*


Ag brath ar do rang, ag an tráth seo b'fhéidir gur mhian leat am a chur ar leataobh chun ligean do na scoláirí labhairt os íseal ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga.

## Foinsí

**Cáipéis 2 – Teastas Breithe Marian Bridget Mulryan.** Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas sócmhainne 13674, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP.

**Cáipéis 3 – Teastas Báis Marian Bridget Mulryan.** Bailiúcháin Dhigiteacha Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas sócmhainne 13675, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP.

**Cáipéis 4 – Cúiseanna taifeadta ar bhás 796 páiste san áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.** Bailiúcháin Dhigiteacha Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas sócmhainne 13676, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP.




## Nótaí an Mhúinteora (teastaíonn an t-idirlíon don ghníomhaíocht seo)

Ag brath ar do scoláirí, seinn gearrthóg RTÉ (ón tús go dtí 5.08 nóiméad) ina dtugtar ainmneacha an 796 leanbh a shainaithin Catherine Corless a bheith marbh/ar iarraidh ón áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.

Ag brath ar do scoláirí, b'fhéidir gur mhian leat a admháil dóibh go bhfuil an t-ábhar seo crua mar a leanas:

*Téann sé i bhfeidhm go mór ar dhuine foghlaim faoi árais Máithreacha agus Naíonán. Má éiríonn sibh trína chéile, ciallaíonn sé sin go bhfuil comhbhá agaibh do na máithreacha agus páistí sna hinstitiúidí úd. Cuimsíonn an comhbhá 'ár gcumas chun mothúcháin, braistintí agus dearcthaí daoine eile a ghlacadh agus a thuiscint'. Cuidíonn an comhbhá linn 'taithí daoine eile a fheiceáil agus freagairt di', go háirithe iad siúd ar bhain nó a mbaineann anró dóibh.*

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, ag baint úsáid as an gceist spreagtha seo a leanas:


*An gceapann sibh go bhfuil sé tábhachtach comhbhá a léiriú do na ndaoine, na fadhbanna agus na himeachtaí san am atá caite? Mínígí an freagra.*

### Foinse

Murphy, C., Dolan, P., Browne, G. & Brennan, M. eagarthóirí 2022. IONBHÁ: The Empathy Book For Ireland. Corcaigh Mercier Press.

NCCA

## Gníomhaíocht 4: Foinsí tánaisteacha




Íomhá le caoinchead ó Hatchett Ireland

- fianaise stairiúil a chur i láthair
- léirmhíniú ar an bhfianaise sin a chur ar fáil
- baintear tátail faoi na daoine/faoin imeacht/faoi na próisis a tuairiscíodh sa bhunfhoinse/(sna bunfhoinsí).

Bíonn foinse thánaisteach céim amháin scartha ón imeacht/ón bpróiseas atá faoi scrúdú.

Is é cuspóir na foinse tánaistí chun áitiú ar an léitheoir dearcadh nua a chur i bhfeidhm.

Nuair atá tú ag léamh foinse thánaisteach, tabhair faoi deara an chaoi a léiríonn an scríbhneoir a anailís agus a léirmhíniú.

Cuimhne cinn Catherine Corless, tá *Belonging*, bunaithe ar áras Thuama agus ar a cuid oibre mar staraí.

An sampla é *Belonging* de bhunfhoinse nó d'fhoinse thánaisteach? Mínigh do fhreagra.

## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

Iarr ar scoláirí atá toilteanach na pointí urchair ar na sleamhnáin a léamh amach.

Roinn an rang ina mbeirteanna.

*In bhur mbeirteanna, breacaigí síos cúis amháin nó níos mó gurb iad na foinsí tánaisteacha is luachmhaire iad na cinn sin a foilsíodh/a cuireadh ar fáil le déanaí.*

*Seo chugainn sampla atá bainteach leis an áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.*

*Agus sibh ag éisteacht leis an bhfaisnéis seo a leanas, breacaigí síos aon chúis bhreise gurb iad na foinsí tánaisteacha is déanaí is mó a gcuirtear luach orthu.*

- *In 2012, d'fhoilsigh Catherine Corless aiste, foinse thánaisteach, maidir leis an áras i dTuaim in Irisleabhar Chumann Seandachtaí Thuama, tréimhseachán staire áitiúil. Ba é an t-alt sin an chéad uair a cuireadh rud ar bith i gcló maidir leis an lisín ar láithreán an iar-árais i dTuaim.*
- *In 2012, nuair a d'fhoilsigh Corless a haiste, ní raibh ainmneacha ná sloinnte ná líon na bpáistí aici fós.*
- *Idir Deireadh Fómhair 2016 agus Eanáir 2017, rinneadh tochailtí trialacha ag an lisín i dTuaim. Cruthaíodh leis na tochailtí sin go raibh an ceart ag Catherine Corless, ag marthanóirí agus ag daoine áitiúla. Aimsíodh cnámha daonna ó ré oibríochtaí an árais i ndabhach shéarachais as feidhm ar an láithreán.*
- *Sa bhreis air sin, ó 2012 i leith, tháinig fianaise chun cinn go ndearnadh brionnú ar theastais bhreithe ag árais eile Máithreacha agus Naíonán, rud a d'fhágfadh gur míchláraíodh seans roinnt de na básanna i dTuaim mar fhorcheilt ar an gcaoi ar uchtaíodh páistí go mídhleathach.*

Glac le haiseolas ó roinnt beirteanna.

**Cliceáil leis an íomhá de leabhar Catherine Corless agus an cheist bhainteach a thaispeáint**

*An sampla d'fhoinse phríomha nó thánaisteach é Belonging, leabhar le Catherine Corless a foilsíodh in 2021?*

[Freagra = bunfhoinse mar gur cuimhní cinn í]

## Foinsí


BBC News. Irish mother and baby homes: Timeline of controversy. 13 Eanáir 2021.

O Fatharta, C. 'Special Investigation: Fears over "Trafficking" of Children to the US', The Irish Examiner, 3 Meitheamh 2015.

SGFM. 2013. Approaches to teaching History in Transition Year.

NCCA

## Gníomhaíocht 5: Roghanna

1. Cuimhneacháin a dhéanamh
2. Dí-adhlacadh na n-iarsmaí daonna aithnide
3. Tochailt fhóiréinseach agus athshlánú na n-iarsmaí daonna aithnide
4. Tochailt fhóiréinseach agus athshlánú na n-iarsmaí daonna aithnide le tuilleadh meastóireachta agus tochailte i réimsí spéise eile
5. Tochailt fhóiréinseach sa limistéar ar fad atá ar fáil, baint agus aithint na n-iarsmaí daonna.

Mír físe as "They'll even come after your soul". Eipeasóid 2, podchraoladh staire béil Thuama, 1.22 nóiméad
Le caoinchead ó Ollscoil na Gaillimhe

# Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*In 2015, mar gheall den chuid is mó ar an scannal maidir leis an lisín i dTuaim, chuir Rialtas na hÉireann Coimisiún Imscrúdúcháin (foireann saineolaithe) ar bun chun na hÁrais Máithreacha agus Naíonán a fhiosrú. Ba é cuspóir an Choimisiúin a fháil amach céard a tharla do na mná agus páistí in 14 áras Máithreacha agus Naíonán (Tuaim san áireamh) agus 4 Áras Contae (institiúidí a d'fhreastail ar raon mór daoine, daoine bochta den chuid is mó agus mná neamhphósta i dteannta a bpáistí) i rith na tréimhse 1922–1998.*

*Mar chuid d'obair an Choimisiúin sin, i mí Eanáir agus mí Feabhra 2018, reáchtáil an rialtas comhairliúchán ina raibh 5 rogha dhifriúla (ar an sleamhnán) le haghaidh gníomhaíochta i ndáil leis an láthair adhlactha i dTuaim.*

*Léigh na cúig rogha ar an sleamhnán.*

Ag brath ar do scoláirí, d'fhéadfá na sainmhínithe seo a leanas a úsáid chun tuiscint a chinntiú.

- Cuimhneachán – bealach chun cuimhne ar dhaoine nó imeachtaí a chaomhnú (m.sh. plaic ar a mbeadh ainmneacha na ndaoine a chruthaítear sa taighde gur cuireadh ar an láthair sin iad)
- Dí-adhlacadh – beart chun rud éigin atá curtha a bhaint as an talamh (coirp dhaonna de ghnáth, ach ní i gcónaí)
- Corp duine – marbhán
- Tochailt fhóiréinseach – rud éigin sonrach a bhaint ón talamh le modhanna eolaíochta.

Roinn an rang ina ghrúpaí beaga.

*Bhí an comhairliúchán faoin méid a bhí le déanamh ag an láthair adhlactha i dTuaim ar oscailt do mharthanóirí, daoine muinteartha le daoine a bhí i ngéibheann ann, daoine áitiúla a chónaíonn sna tithe ar an iarláithreán agus an pobal. Rinne roinnt marthanóirí/daoine muinteartha (m.sh. Tuam Babies Family Group) agóid láidir in aghaidh an chaoi ar eagraíodh an comhairliúchán, agus d'áitigh siad gurbh iadsan an t-aon ghrúpa daoine ar cheart an méid a bheadh le déanamh a stiúradh.*

*Sna grúpaí, déanaigí plé cé acu an aontaíonn sibh le tuairim Tuam Babies Family Group nó nach n-aontaíonn, agus cén fáth?*

*D'aontaigh roinnt mhaith marthanóirí (agus Catherine Corless) le rogha 5 ar an sleamhnán – Tochailt fhóiréinseach ar an láthair ar fad atá ar fáil, baint agus aithint na n-iarsmaí daonna.*

**Cliceáil leis an ngearrthóg fuaime a sheinm (2.25 nóiméad) ar dheis ar bharr an tsleamhnáin.**

Is sliocht atá sa ghearrthóg seo ó shraith podchraoltaí Stair Béil Thuama le hOllscoil na Gaillimhe. Is iad na guthanna sa ghearrthóg (in ord ama):

- Peter Mulryan, deartháir le Marian Bridget Mulryan (féach Aonad 4, Gníomhaíocht 3)
- Cillian Murphy, aisteoir agus scéalaí na sraithe podchraoltaí faoi Stair Béil Thuama
- Catherine Corless, staraí, údar agus gníomhaí sóisialta

*I mí Iúil 2022, síníodh an tAcht um Adhlacthaí Forais ina dhlí. Leis an Acht seo, ceadaítear:*

- *An láithreán a thochailt*
- *Coirp daonna a bhaint*
- *Anailís iarbhainte ar na coirp sin*
- *Sainaithint na gcorp trí mheaitseáil teaghlaigh DNA (más féidir)*
- *abhairt ar ais na gcorp chuig daoine muinteartha le hath-adhlacadh go hurramach de réir mhianta an teaghlaigh*

*Mar sin féin, deir na daoine atá ceaptha an obair ar an láithreán a stiúradh gur cúram fíorchasta atá ann, agus go mbeidh sé ina dhúshlán don eolaíocht fhóiréinseach, agus gur rídhócha nach féidir gach naíonán agus páiste a shainaithint. Ath-adhlacfar na coirp úd nach sainaithnítear ag láthair chuimhneacháin i dTuaim.*

## Foinsí


Rialtas na hÉireann, Preaseisiúint: **An Bille um Adhlacthaí Forais 2022 rite ag An tOireachtas**

Holland, K. **Very likely many of the 796 babies' remains at Tuam grave will never be identified**. *Irish Times*, 20 Iúil 2023.

O'Donnell, K., O'Rourke, M. & Smith, J. eag. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath

O'Reilly, A. 2018. *My name is Bridget: The untold story of Bridget Dolan and the Tuam Mother and Baby Home*. Gill: Baile Átha Cliath.

Ollscoil na Gaillimhe. **They'll even come after your soul**. Eagrán 2, podchraoladh Stair Béil Thuama.

NCCA

# Gníomhaíocht 6: Ráiteas

**Ráiteas Shiúracha Bon Secours ar fhoilsiú na Tuarascála de chuid an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán.**

Léirítear stair dár dtíre i dtuarascáil an Choimisiúin inar eitíodh go leor ban agus páistí, ina balbhaíodh iad agus inar fágadh ar lár iad; ina raibh siad i gcruachás; agus inar léiríodh dímheas ar a ndínit dhaonna nádúrtha, sa saol agus maidir le dul in éag.

Bhí ár Siúracha de chuid Bon Secours mar chuid den stair bhrónach seo.

Reáchtáil ár Siúracha an tÁras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim ó 1925 go 1961. Níor chomhlíonamar caighdeán na Críostaíochta agus an tÁras á reáchtáil againn. Theip orainn ómós a thaispeáint do dhínit dhúchais na mban agus na bpáistí a tháinig chuig an Áras. Theip orainn comhbhá a thaispeáint dóibh, comhbhá a theastaigh go géar uathu. Bhíomar mar chuid den chóras inar fhulaing siad, ina raibh siad uaigneach agus inar gortaíodh go dona iad. Aithnímid go háirithe gur adhlacadh na naíonáin agus na páistí a fuair bás ag an Áras go dímheasúil agus ar bhealach do-ghlactha. Tá an-aiféala orainn as an méid sin ar fad.

Gabhaimid ár leithscéal ó chroí leis na mná agus na páistí in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama, lena dteaghlaigh agus le muintir na tíre seo.

Ní féidir leigheas go dtí go n-aithneofar an méid a tharla. Tá súil againn agus táimid ag guí go dtiocfaidh leigheas chuig na daoine a gortaíodh; na daoine atá beo fós agus na daoine a fuair bás. Tá súil againn gur féidir linn, lenár n-ardeaglais agus lenár dtír foghlaim ón stair seo.

## Nótaí an Mhúinteora

Léigh os ard an ráiteas a d'eisigh ord rialta Bon Secours an lá tar éis fhoilsiú Thuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán (Eanáir 2021).

*Tháinig meascán freagraí ó na marthanóirí agus daoine muinteartha ar an ráiteas ón Bon Secours. Chuir roinnt acu fáilte roimh an ráiteas mar aitheantas neamhbhalbh ar fhreagracht, agus creideann daoine eile gur tháinig an leithscéal ródhéanach agus/nó gur ghá ranníocaíochtaí airgeadais a chur leis, mar shampla, le haire a thabhairt do na marthanóirí.*

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga.

*In bhur ngrúpaí, tagaigí ar chinneadh:*

- *más sampla d'fhoinse phríomha nó thánaisteach fianaise atá sa ráiteas sin; agus úsáidí agus teorainneacha na foinse sin.*
- *maidir leis an dá abairt sa ráiteas ón Bon Secours a gceapann sibh gur tábhachtaí iad agus an dá abairt a ritheann ceisteanna libh fúthu.*

*Sa dá chás, bígí réidh na cúiseanna leis an bhfreagra a thabhairt.*

Glac le haiseolas ó roinnt grúpaí.

*Maíonn an Bon Secours gur 'chuid den chóras iad'. Cén córas a bhfuil siad ag déanamh tráchta dó dar libh?*

[Freagra féideartha: ailtireacht an tsrianta nó líonra institiúidí stairiúla na hÉireann]

*I dtuarascáil na bliana 1960 ar Phroibhinse na hÉireann de Shiúracha Bon Secours, rinneadh cur síos ar a gcuid oibre i dTuaim mar 'obair thar a bheith gar do Chroí ár dTiarna Dhiaga'.*

*Is cosúil go bhfuil tuairimí difriúla i measc an Bon Secours faoina gcuid oibre san áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim idir 1960 agus a ráiteas leithscéil ón mbliain 2022. Chun cuidiú linn an t-athrú sin a thuiscint, seo sliocht ón tSiúr Goretti Butler, ceann Iníonacha na Carthanachta, ord rialta a d'oibrigh áras Máithreacha agus Naíonán Naomh Pádraig i mBaile Átha Cliath. Dúirt an tSiúr Goretti:*

*'Ba ghéarchéim a bhí ann, agus b'in í an fhreagairt ar mháithreacha neamhphósta ag an am úd. Creidimse féin go ndearna… [na mná rialta in Áras Naomh Pádraig] a ndícheall lena raibh acu ag an am. … déantar breithiúnas orthu inniu, ach ba ré eile í sin.'*

Déan machnamh ar na nótaí ó Aonad 3, Gníomhaíocht 8: Malairt rogha a thaispeáint.

*In bhur ngrúpaí, déanaigí plé ar na nithe seo a leanas:*

- *an méid a bhí i gceist ag an tSiúr Goretti Butler nuair a dúirt sí, 'Déantar breithiúnas orthu inniu, ach ba ré eile í sin.'*
- *ar cheart breithiúnas a thabhairt ar na hoird rialta a d'oibrigh na hárais Máithreacha agus Naíonán agus institiúidí eile in aghaidh chaighdeáin na linne nó chaighdeáin an lae inniu?*

*Bígí réidh na cúiseanna leis an bhfreagra a thabhairt.*

Glac le haiseolas ó roinnt grúpaí

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, ag baint úsáid as an méid seo a leanas mar spreagadh:

*An 13 Eanáir 2021, ghabh an Taoiseach Mícheál Martin leithscéal thar ceann Rialtas na hÉireann leo siúd a bhí i ngéibheann sna hárais Máithreacha agus Naíonán nó Chontae. Mar chuid dá ráiteas, dúirt an Taoiseach 'cé gur bunriachtanas é an comhthéacs dár dtuiscint cheart den ré sin dár stair, ní laghdaítear leis an méid a tharla ná ní mhaolaítear leis an fhreagracht a bhí ar na heaglaisí agus ar an stát...'*

*An aontaíonn nó an easaontaíonn sibh leis an ráiteas sin? Cén fáth?*

## Foinsí


Bon Secours **Apology Statement**

Rialtas na hÉireann **Leithscéal agus Plean Gníomhaíochta**

O'Reilly, A. **Nuns: We did our best in Mother and Baby Home**, *Irish Daily Mail*, 7 Lúnasa 2017.

NCCA

## Gníomhaíocht 7: Spás Cróga níos Leithne

Léigh ár gComhaontú Spáis Chróga

- An dteastaíonn Comhaontú Spáis Chróga uainn in Éirinn chun cuidiú linn maidir le hoidhreacht ár n-institiúidí stairiúla, lena n-áirítear árais Máithreacha agus Naíonán?
- Céard a chaithfí a scriosadh / a chur leis / a athrú chun ár gComhaontú Spáis Chróga a leathnú lena aghaidh seo?


# Nótaí an Mhúinteora

**Tabhair faoi deara: Ba cheart go mbeadh an Comhaontú Spáis Chróga (Aonad 1, Gníomhaíocht 2) ar taispeáint in áit fheiceálach sa seomra ranga.**

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile ar oibriú an Chomhaontaithe Spáis Chróga, trí úsáid a bhaint as na ceisteanna spreagtha ar an sleamhnán.

NCCA

## Gníomhaíocht 8: Déileáil agus athléimneacht



Peter Mulryan le hImreoirí Liathróide Láimhe, Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas na sócmhainne: 13665, Aitheantas Taifeadta Cartlainne TOHP, https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13665



**"...téigh amach agus buail liathróid in aghaidh balla agus faigh réidh leis an strus atá i do chloigeann."**
**Peter Mulryan**

# Nótaí an Mhúinteora (teastaíonn an t-idirlíon don ghníomhaíocht seo)

*Níor tháinig roinnt daoine aniar riamh óna dtaithí in árais Máithreacha agus Naíonán agus/nó in institiúidí stairiúla eile.*

*B'fhéidir nár inis siad a scéal riamh toisc go raibh siad róshuaite, nó go bhfuil siad fós róshuaite, chun labhairt faoin ré sin dá mbeatha. Níl tuiscint ná a leath di againn ar an díobháil mhór a rinneadh dóibh. Dhiúltaigh daoine eile ligean don seal a chaith siad in institiúidí a leagan amach an cineál duine a bhí iontu, agus chuir siad a stair taobh thiar díobh. D'fhéadfaí nár insíodh scéalta na ndaoine úd ach an oiread. Tá marthanóirí eile, cosúil leis na daoine atá feicthe againn sna haonaid seo, tar éis labhairt faoina dtaithí mar bhealach chun*

*labhairt amach faoi rud a mheasann siad a bheith ina chuid náireach dár stair agus/nó chun faisnéis, athrú agus cothrom na Féinne a éileamh.*

*Rugadh Peter Mulryan, deartháir mór le Marian Bridget Mulryan (Gníomhaíocht 3, Aonad 4), in Ospidéal Réigiúnach na Gaillimhe agus aistríodh é chuig an Áras i dTuaim in 1944. Bhain saol an-chrua dó nuair a cuireadh ar lóistín (ar altramas) é ag aois ceithre bliana go leith. Ach rinne Peter iarracht teacht ar bhealaí chun dul i ngleic leis agus teacht aniar a chothú. Mar shampla, is curadh domhanda sa liathróid láimhe é Peter, agus tugann sé creidiúint don liathróid láimhe mar bhealach chun cuidiú leis dul i ngleic leis an gcruatan a d'fhulaing sé sa saol. Bíonn sé ag canadh sa chór eaglaise áitiúil, agus deir sé go gcuidíonn sé sin leis dul i ngleic leis freisin.*

Iarr ar na scoláirí Tionscadal Stair Béil Thuama a rochtain – Scéalta Marthanóirí a rochtain: Tuam Oral History Project – Survivors' Stories – Peter Mulryan: Digital Archive

*Aimsígí cáipéis nó grianghraf amháin ar a laghad a bhaineann le saol Peter (seachas an grianghraf ar an sleamhnán seo) lena léirítear an chaoi a ndeachaigh sé i ngleic agus ar fhorbair sé teacht aniar in aghaidh na ndúshlán agus na gcruatan ollmhór a d'fhulaing sé.*

*Smaoinígí ar na bealaí difriúla ina 'scaoileann sibh an strus atá in bhur gcloigeann'. B'fhéidir gur rud éigin é sin a mbainfeá taitneamh as i d'aonar nó le daoine eile, ar nós páirt a ghlacadh i spórt, ceol a sheinm nó éisteacht leis, labhairt le cara, srl.*

*Tógaigí nóiméad le meabhrúchán a bhreacadh síos daoibh féin na nithe seo a dhéanamh nuair a bhíonn an saol deacair.*

## Foinsí

Peter Mulryan: Cartlann Dhigiteach. Tionscadal Stair Béil Thuama, Ollscoil na Gaillimhe.

NCCA

Má chuireann aon cheann de na saincheisteanna seo san aonad seo isteach ort, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar anuas orm tar éis an ranga, labhair le cara, duine fásta agus/nó teagmhálaí a bhfuil muinín agat as:

**Adoption Rights Alliance:** www.facebook.com/AdoptionRightsAllianceIreland/

**Barnardos Origins, Post Adoption and Bereavement Services:** www.barnardos.ie

**Na Samáraigh:** www.samaritans.org
Guthán: 116123

**Childline:** www.childline.ie
Guthán: 1800 66 66 66

**Jigsaw:** www.jigsaw.ie


## Nótaí an Mhúinteora

*Seans go gcuirfidh an t-ábhar a bheidh á chlúdach againn sna haonaid seo isteach ar roinnt agaibh. Is freagairt nádúrtha, shothuigthe é sin ar an méid a dtugann marthanóirí 'ré dhorcha' inár stair náisiúnta air.*

*Má chuireann aon rud a thagann chun cinn sna haonaid seo isteach ort go pearsanta, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat astu, agus/nó téigh i dteagmháil le ceann de na seirbhísí tacaíochta seachtracha atá ar an liosta ar an sleamhnán.*

NCCA

## Gníomhaíocht 9: Amlíne na foghlama




- **ROIMH RÉ**: Úsáid an spás dronuilleogach chun an méid a bhí ar eolas agat faoi institiúidí stairiúla na hÉireann a scríobh síos, go háirithe an t-áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim, sula ndéanfaidh tú na haonaid seo.
- **AONAID 1-4**: Úsáid na spásanna ciorclacha chun taifead a dhéanamh ar d'fhoghlaim shuntasach sna hAonaid 1, 2, 3 agus 4 (rudaí a bhfuair tú amach fúthu nach raibh ar eolas agat cheana, scileanna a d'fhoghlaim nó a rinne tú, na príomhdhúshláin a tháinig chun cinn duit agus cén fáth a raibh siad dúshlánach duitse).
- **ANOIS:** Úsáid an spás dronuilleogach chun nóta a dhéanamh d'aon cheist atá agat fós, rud ar bith ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi agus an méid a dhéanfaidh tú anois chun freagraí a fháil ar na ceisteanna sin.

## Nótaí an Mhúinteora

*Athchruthaígí léaráid amlíne na foghlama ar an sleamhnán sa chóipleabhar/dialann. Déanaigí méid na léaráide chomh mór agus is féidir.*

Athbhreithnigh na gníomhaíochtaí in Aonaid 1–4 trí bhreac-chuntas ar na haonaid a thaispeáint (Sleamhnán 2 i ngach aonad).

*Críochnaígí an amlíne foghlama trí na céimeanna seo a leanas a chomhlíonadh mar a gcuirtear síos orthu sna pointí urchair ar an sleamhnán.*